


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht, and Tionchar UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Taighde & Nuálaíocht UCD |
| **Teideal an Phoist agus Limistéar Ábhair:** | Ceann na gComhpháirtíochtaí Taighde Straitéiseacha |
| **Tréimhse an Phoist:** | Post Sealadach - 18 Mí |
| **Grád:** | Oifigeach Riaracháin Sinsearach III |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:** | Bainistíocht Nuálaíochta & Taighde agus Riaracháin (RIMA) - Leibhéal Gairme 7 (RIMA-7-A) |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:** | H2025-08 |
| **Freagrach do:** | Stiúrthóir, Taighde UCD |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 018830 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Jolanca Desouza |

### Achoimre ar an bPost:

Soláthraíonn Taighde UCD seirbhísí comhtháite taighde do phobal taighde UCD. I gcomhréir le Straitéis UCD 2030, atá úrnua, is é an aidhm an tseirbhís seo a chur ar fáil ar fud shaolré iomlán an taighde, lena n-áirítear forbairt an taighde, taighde iar-dhámhachtana agus tionchar an taighde. Tá forbairt agus cothú comhpháirtíochtaí straitéiseacha taighde mar chroílár de sin.

Is ról ceannaireachta straitéiseach é Ceann Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Taighde atá tiomanta do chlár oibre thaighde na hollscoile a chur chun cinn trí rath ar mhaoiniú a fheabhsú, trí chomhoibriú idirdhisciplíneach agus trí chomhpháirtíochtaí domhanda tionscail a chothú. Tá an ról sin i gceannas ar fhoireann a chuireann tacaíocht ar fáil le haghaidh forbairt taighde, straitéis taighde agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtíochtaí. Is feidhm an-tábhachtach an róil sin tionchar taighde na hollscoile a neartú trí chomhoibriú fónta a éascú le hinstitiúidí domhanda, maoinitheoirí idirnáisiúnta agus páirtithe leasmhara tionscail.

Beidh sealbhóir an phoist i gceannas ar Fhoireann Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Taighde. Tá an fhoireann freagrach as punann agus pobal taighde UCD a fhás, agus as cáil UCD a shaothrú de bharr taighde uaillmhianach. Beidh Ceann Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Taighde i gceannas ar fhoireann bainisteoirí taighde agus déanfaidh sé/sí an fhoireann a fhorbairt, agus beidh sé/sí lárnach don fhoireann cheannaireachta ag Ceannaireacht UCD. Díreoidh an fhoireann isteach ar chomhtháthú níos dlúithe idir Taighde UCD agus na Coláistí, Scoileanna agus Institiúidí. In éineacht leis an bhfoireann, beidh Ceann Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Taighde freagrach as treochtaí atá ag teacht chun cinn, na réimsí fáis is príomhúla maidir le maoiniú, comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus tairiscintí comhoibríocha idirdhisciplíneacha ar mhórscála a aithint.

Tá Ceann Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Taighde freagrach do Stiúrthóir Taighde UCD agus tá sé/sí mar phríomhbhall d'fhoireann ceannaireachta Thaighde UCD.

### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Seirbhís bhreisluacha, chomhtháite agus ardchaighdeáin maidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha taighde a cheapadh, a fhorbairt agus a sholáthar.
- Plean cuimsitheach maidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha taighde, atá i gcomhréir le Straitéis UCD, a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.
- Foireann de ghairmithe bainistithe taighde atá dírithe agus tionscantach a stiúradh agus a spreagadh.

- Caidreamh éifeachtach a chothú ar fud na hollscoile chun soláthar seirbhíse éifeachtach gairmiúil a chinntiú do phobal taighde UCD le linn shaolré iomlán an taighde, an tréimhse iar-dhámhachtana san áireamh.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar sholáthar deiseanna straitéiseacha comhoibríocha idirdhisciplíneacha taighde ar mhórscála trí shaineolas acadúil maidir le forbairt tairiscintí a chumasú agus trí oiliúint spriocdhírithe a chur ar fáil.
- Tacaíocht straitéiseach a chur ar fáil chun maoiniú taighde iomaíoch a dhaingniú ó mhaoinitheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, eagraíochtaí daonchairdis agus eintitis san earnáil phríobháideach.
- Struchtúir éifeachtacha a fhorbairt chun deiseanna straitéiseacha a shainaithint agus chun díriú isteach ar na deiseanna sin trí mhórdheiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ar mhórscála agus trí chomhpháirtíochtaí tionscail.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le hInstitiúidí Taighde, Lárionaid agus réimsí straitéiseacha fáis de chuid UCD chun maoiniú a dhaingniú.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóir Nuálaíochta agus le NovaUCD chun deiseanna nuálaíochta straitéiseacha ar mhórscála a shainaithint. Comhpháirtíochtaí le hearnáil na tionsclaíochta a chothú maidir le taighde comhoibríoch, tionscadail nuálaíochta, cómhaoiniú agus tráchtálú.
- Acmhainn a fhorbairt trí thaighde straitéiseach a phleanáil, smaointí a ghiniúint, caidreamh a chothú agus ullmhacht taighdeoirí a mhéadú maidir le rannpháirtíocht a dhéanamh le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus tionscail.
- Comhpháirtíochtaí domhanda taighde agus tionscail a fhorbairt agus a neartú.
- Éirim, léargas agus deaiseanna taighde a tháirgeadh chun tacú le cinnteoireacht na ceannaireachta.
- Tacú leis an Stiúrthóir Taighde maidir le Straitéis UCD a chur i bhfeidhm.
- Aon dualgais eile arna sannadh ag an Stiúrthóir Taighde UCD agus ag an Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar a chur i gcrích

**95 Scála Tuarastail Oifigeach Riaracháin Sinsearach III_2010: €91,282 - €128,912 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/.

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Fáiltímid roimh iarratais ó chách, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag@
https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**

Tá Creatlach Cnuasach Post in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Theaghlach Poist **Bhainistíocht Nuálaíochta & Taighde agus Riaracháin agus ailíníonn sé le Leibhéal Gairme 7** Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus príomhinniúlachtaí atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Post ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/.

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 10-15 bliana de thaithí ghairmiúil ábhartha, lena n-áirítear 3 bliana ag feidhmiú ag leibhéal sinsearach in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal
- Cáilíocht tríú leibhéal (tá cáilíocht iarchéime inmhianaithe).
- Caithfidh iarratasóirí fianaise a chur ar fáil a léiríonn ceannasaíocht agus/nó tiomantas léirithe i leith an chomhionannais inscne, agus i leith an chláir níos leithne maidir leis an gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Timpeallacht Taighde (Leibhéal Inniúlachta 4)** - Sárthuiscint agus ardeolas ar an timpeallacht taighde reatha, polasaí ábhartha an rialtais, struchtúir inmheánacha eagraíochta ina measc.
- **Polasaí agus Rialachas (Leibhéal Inniúlachta 3)** - Eolas, tuiscint agus feidhm láidir maidir le polasaí agus rialachas agus an cumas an t-eolas sin a aistriú do chomhghleacaithe
- **Scileanna Spriocdhírithe T&N (Leibhéal Inniúlachta 3)** - Eolas, tuiscint agus feidhm ardleibhéil ar straitéisí taighde agus ar nuálaíochta spriocdhírithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm
- **Aistriú Teicneolaíochta (Leibhéal Inniúlachta 2)** - Tuiscint ar thimpeallacht aistrithe teicneolaíochta agus a tábhachtach straitéiseach i dtaobh straitéis níos leithne na hollscoile

**Príomhinniúlachtaí**

- **Oibriú go Straitéiseach (Leibhéal Inniúlachta 3)** – ábalta obair a dhéanamh chun foireann láidir a chruthú, cumasach maidir le tacú le comhlíonadh an duine agus eolach faoin chaoi an obair cheart a ailíniú leis an duine ceart. Tacaíocht éifeachtach a thabhairt i gcás dúshláin feidhmíochta
- **Ceannaireacht a thabhairt do dhaoine (Leibhéal Inniúlachta 3)** –cumas léirithe tionchar a imirt ar dhaoine eile ar bhealach dearfach agus meantóireacht, spreagadh agus treoir a thabhairt do dhaoine eile chun spriocanna a bhaint amach
- **Athrú a bhainistiú (Leibhéal Inniúlachta 4)** – saineolas agus sárthuiscint ar fud gach réimse nuálaíochta agus athruithe. Cinntíonn sé/sí rannphháirtíocht chuí páirtithe leasmhara i gcláir/i dtionscadail athraithe.
- **Páirtithe leasmhara a bhainistiú (Leibhéal Inniúlachta 4) –** tuiscint ardleibhéil ar thábhacht rannpháirtíochta páirtithe leasmhara agus tuisceanach maidir le riachtanais ar leith laistigh de thimpeallacht ollscoile éagsúla.

Inmhianaithe:

- Taithí ar fhoireann a threorú agus a spreagadh i dtimpeallacht iomaíoch.
- Taithí i dtimpeallachtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.
- Taithí ar bhainistíocht agus ar fhorbairt taighde.
- Cáilíocht iarchéime.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht, and Tionchar: | https://www.ucd.ie/researchandinnovation/ |

| | |
|---|---|
| Taighde & Nuálaíocht UCD: | https://www.ucd.ie/researchandinnovation/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Dipti Pandya |
| Teideal: | Stiúrthóir, UCD Research |
| Seoladh ríomhphoist: | dipti.pandya@ucd.ie |
| Fón: | N/A |